

Bl.1 ⇔ Bl.2 :: Roghnú Conair (Choosing Pathways)

Tá mé ag dul isteach sa dara bliain sa Chéim Comhonoracha (Trinity Joint Honours nó TJH).

Féach an treoir seo ó Oifig TJH:- <https://www.tcd.ie/tjh/currentstudents/year1/pathways/>

Agus tá PDF acu inar féidir leat feiceáil cén áit a dtugann gach conair thú:

https://www.tcd.ie/t4media/tcd/content-assets/pdf/Explore-your-pathways-JH_new.pdf

Má roghnaíonn tú Gaeilge ag leibhéal Comhonoracha, nó mar Mhionábhar, **beidh 20 ECTS agat sa dara bliain.**

- 10 ECTS éigeantach sa teanga (Ceart agus Labhairt na Teanga) (Cúrsa Bliana)
- Rogha sa chéad téarma idir Nualitríocht agus Béaloideas (5 ECTS)
- 5 ECTS Éigeantach sa dara téarma i nGaeilge na hAlban

Má roghnaíonn tú Gaeilge mar Mhórábhar nó mar ábhar Aononoracha, **beidh 40 ECTS agat sa dara bliain.**

- 10 ECTS éigeantach sa teanga (Ceart agus Labhairt na Teanga) (Cúrsa Bliana)
- 10 ECTS éigeantach sa chéad téarma: Nualitríocht **agus** Béaloideas
- 5 ECTS roghnach sa chéad téarma: Rogha - *Early Irish Sagas* **nó** *Old Irish Grammar*
- 10 ECTS éigeantach sa dara téarma: Nualitríocht **agus** Gaeilge na hAlban
- 5 ECTS roghnach sa dara téarma: Rogha - *Early Irish Sagas II* **nó** *Early Irish Law and Society*

Tá eolas ar na modúil seo ar Eolaire Modúl na Roinne.

<https://www.tcd.ie/irish/undergraduate/handbooks/index.ga.php>

Bain úsáid as an 'Pathway Tool' thuas le feiceáil céard a bheidh agat sa tríú bliain ansin.

Beidh deis agat sa tríú bliain dul ar Erasmus ar feadh téarma amháin leis an ábhar eile, agus do chuid Gaeilge ar fad a dhéanamh in aon téarma amháin anseo.